**Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**
**Fo-Dhlíthe um Rialú Clubanna Roinnte Carranna ar an tSráid 2013.**

**Teideal fada** **Fo-Dhlíthe um Rialú Clubanna Carranna ar an tSráid 2013 Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**

"Déanann an tArd-Mhéara agus Comhaltaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (dá ngairfear "An Chomhairle" anseo feasta) i bhfeidhmiú na gcumhachtaí feidhmiúcháin atá dílsithe iontu ag forálacha Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus ag na cumhachtaí reachtúla cumasaithe eile ar fad, déanann siad na Fo-Dhlíthe seo a leanas maidir le rialú agus oibriú Clubanna Roinnte Carranna ar an tSráid i ndáil le limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**Réamhrá** **Cuid I.**

**Gearrtheideal** **1** Fo-Dhlíthe Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath um Rialú Clubanna Carranna ar an tSráid, 2013, is teideal do na fodhlíthe seo.

**Limistéar feidhme** **2** Tá feidhm ag na Fo-Dhlíthe seo i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**Tosach feidhme Dáta** **3** Tiocfaidh na Fo-Dhlíthe seo in éifeacht an 1 Lúnasa, 2013

**Sainmhínithe** **4** Sna Fo-Dhlíthe seo:

ciallaíonn "Gníomhaire den Chomhairle" duine ar bith atá fostaithe ag an gComhairle nó duine ar bith atá údaraithe ag an gComhairle chun feidhmeanna faoi na fodhlíthe seo a chur i ngníomh.

is ionann "Duine Údaraithe" agus an chiall atá sannaithe dó ag Alt 103 (8) (curtha isteach ag an Acht um Thrácht ar Bhóithre 1968) (Uimh. 25 de 1968) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.

ciallaíonn "Ceadúnas Club Carranna" ceadúnas arna eisiúint ag an gComhairle chuig Oibreoir Club Carranna chun Seirbhís Club Carranna a sholáthar laistigh de limistéar na Comhairle agus ar a bhfuil uimhir aitheantais shonrach.

ciallaíonn "Ball de Chlub Carranna" duine ag a bhfuil na nósanna imeachta riachtanacha curtha i gcrích aige/aici agus atá údaraithe ag an Oibreoir faoi láthair chun rochtain a fháil ar fheithicil de chuid an Chlub Carranna agus chun í a úsáid.

Ciallaíonn "Feithicil Club Carranna" feithicil a sholáthraítear lena húsáid ag baill den Chlub Carranna. Ní mór gach feithicil a bheith cláraithe in Éirinn.

ciallaíonn "Cead Feithicle Club Carranna" cead arna eisiúint ag an gComhairle chuig Oibreoir Clubanna Carranna i leith Feithicil Club Carranna chun críocha na bhFo-Dhlíthe agus ina bhfuil na sonraí a shonraítear.

Ciallaíonn "an Chomhairle" Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ciallaíonn "cead páirceála do dhaoine faoi mhíchumas" cead a deonaíodh de réir Alt 43 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre, 1997.

ciallaíonn “Dea-Chleachtas Tionscail” an méid scile, cúraim, stuamachta, fadbhreathnaitheachta agus cleachtais oibriúcháin a mbeifí ag súil leis go réasúnach agus de ghnáth ó am go ham ó oibreoir oilte a bhfuil taithí aige/aici (atá ag gabháil don chineál céanna cúraim agus atá ag an Oibreoir) nó ó aon fho-oibreoir faoi na himthosca céanna nó faoi imthosca comhchosúla.

ciallaíonn “Club Carranna ar an tSráid” eagraíocht a bhfuil feithicil de chuid an Chlub Carranna aici, atá á cur aici ar seasamh chun fruilithe nó á thabhairt chun fruilithe in áit phoiblí nó ar bhóthar poiblí.

ciallaíonn “Oibreoir” an t-oibreoir a sholáthraíonn Seirbhís Club Carranna laistigh de limistéar na Comhairle. Beidh an tOibreoir freagrach as an tseirbhís a reáchtáil ó lá go lá, lena n-áirítear feithiclí, bainistíocht, córas áirithinte leictreonaí, slánaíocht, árachas agus margaíocht a sholáthar, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Ciallaíonn “bóthar poiblí” bóthar ar a bhfuil ceart slí poiblí agus ar a bhfuil freagracht ar an gComhairle as a chothabháil.

ciallaíonn “Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre” na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Páirceáil), 1997 (I.R. Uimh. 182 de 1997) agus na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Comharthaí), 1997 (I.R. Uimh. 181 de 1997).

Ciallaíonn “seirbhís” feithicil de chuid an Chlub Carranna a sholáthar lena húsáid ag baill an Chlub Carranna i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sna Fo-Dhlíthe seo.

Ciallaíonn “feithicil”:

a) feithicil phaisinéirí ag a bhfuil cóiríocht do phaisinéirí nach mó a líon ná dáréag seachas an tiománaí agus ná tarraingíonn leantóir ná feithicil eile;
b) feithicil earraí nach mó a meáchan gan ualach ná 3 thonna agus nach dtarraingíonn leantóir ná feithicil eile.

## Cuid II.

**Ceadúnas Oibreora an Chlub Carranna** **5**

a) Déanfaidh Oibreoir Club Carranna iarratas chuig an gComhairle ar Cheadúnas chun Club Carranna ar an tsráid a oibriú sula dtosófar ag oibriú.

b) Beidh Ceadúnas bailí ar feadh tréimhse tríocha a sé mhí ón dáta eisiúna.

c) Faoi réir na Comhairle a bheith sásta go bhfuil sealbhóir an cheadúnais tar éis forálacha na bhFo-Dhlíthe seo a chomhlíonadh beidh rogha ag an Oibreoir sin an ceadúnas a athnuachan go ceann tréimhse dhá mhí ó dháta a dhul in éag.

d) Ní dhéanfar ceadúnas a cheadú ach amháin sna cásanna seo a leanas -

i. D’íoc an t-iarratasóir air an táille cheadúnais €150 leis an gComhairle.
ii. D’aontaigh an t-iarratasóir an modh íocaíochta le haghaidh páirceáil ar an tsráid leis an gComhairle
iii. Tá an Chomhairle sásta go gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir forálacha na bhFo-Dhlíthe seo.
iv. Soláthraíonn an t-iarratasóir fianaise ar Árachas Dliteanais Phoiblí a chlúdaíonn oibriú an Chlub Carranna, le teorainn slánaíochta nach lú ná €7m agus a luann an Chomhairle mar pháirtí slánaithe.
v. Soláthraíonn an t-iarratasóir Deimhniú Imréitigh Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn bliantúil.

e) Ní oibreoidh Oibreoir ná ní cheadóidh sé/sí a Sheirbhís Club Carranna a oibriú gan ceadúnas reatha a bheith aige/aici ina leith.

f) Sonróidh Oibreoir líon na bhfeithiclí a bheidh le hoibriú faoin gceadúnas agus soláthróidh sé don Chomhairle Uimhreacha Cláraithe Feithiclí agus cibé sonraí eile is cuí leis an gComhairle chun ceadúnas a eisiúint.

g) Féadfaidh an Chomhairle uasteorainn a shainiú maidir le líon na bhfeithiclí a bheidh le hoibriú faoi aon cheadúnas amháin.

h) Féadfaidh Oibreoir rogha a dhéanamh íoc as páirceáil ar an tsráid ar bhonn Íoc mar a Úsáidtear nó trí Chead Club Carranna bliantúil a cheannach i leith gach feithicle.

i) Ní oibreoidh Oibreoir ná ní cheadóidh sé a Sheirbhís Club Carranna a oibriú ach amháin de réir théarmaí an cheadúnais is infheidhme maidir leis agus de réir fhorálacha na bhFo-Dhlíthe seo.

j) Áiritheoidh an tOibreoir ina fheidhmíocht go n-úsáidfidh sé, nuair is féidir, modhanna oibre, trealamh, ábhair agus tomhaltáin lena n-íoslaghdófar damáiste don chomhshaol.

k) Déanfaidh an tOibreoir gach Feithicil de chuid an Chlub Carranna a léasú nó beidh sé/sí ina úinéir orthu. Beidh an tsamhail/na samhlacha a úsáidfear ina rogha tráchtála ag an Oibreoir, ach beidh ar an Oibreoir údar a thabhairt lena rogha feithicle/feithiclí maidir le feidhmíocht chomhshaoil agus aon chritéir ábhartha eile arna sainiú ag an gComhairle.

l) Áiritheoidh an tOibreoir go ndéanfar feithiclí a sheirbhísiú i gcomhréir leis na caighdeáin a mholann monaróirí.

m) Áiritheoidh an tOibreoir go ndéanfar feithiclí a chothabháil de réir caighdeán dlíthiúil agus ródacmhainnigh, agus an cháin feithicle agus an t-árachas riachtanach i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla uile is infheidhme.

n) Áiritheoidh an tOibreoir go gcoimeádfar feithiclí ar chaighdeán réasúnta glaineachta i gcónaí.

o) Aontóidh an tOibreoir ar an libhré beartaithe ar gach feithicil de chuid an Chlub Carranna leis an gComhairle.

p) Níor chóir deisiú agus glanadh Feithiclí Club Carranna a dhéanamh ar an tsráid.

q) Agus an tSeirbhís Club Carranna á soláthar aige/aici, cinnteoidh an tOibreoir go bhfuil sí ag cloí leis an reachtaíocht go léir is infheidhme agus le Dea-Chleachtas Tionscail.

r) Déanfaidh an tOibreoir gach beart réasúnach, i gcomhréir le Dea-Chleachtas Tionscail, chun cosc a chur ar aon ghníomhaíocht chalaoiseach, mhímhacánta nó éillitheach ag a fhoireann, ag an Oibreoir (lena n-áirítear scairshealbhóirí, comhaltaí agus stiúrthóirí) agus/nó ag aon cheann de sholáthraithe an Oibreora. Cuirfidh an tOibreoir an Chomhairle ar an eolas láithreach má tá cúis aige le bheith in amhras gur tharla aon chalaois, mímhacántacht nó cleachtas éillitheach nó go bhfuil sé ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh sé a mbeadh drochthionchar aige ar an gComhairle nó ar chlú an Chlub Carranna.

s) Comhlíonfaidh an tOibreoir ceanglais an Achta Sláinte agus Sábháilteachta ag an Obair 2005 agus aon Achtanna, Rialacháin, Orduithe nó Rialacha Dlí eile a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht.

t) Cabhróidh an tOibreoir leis an gComhairle trí aon fhaisnéis ábhartha agus aon chúnamh réasúnach a sholáthar i ndáil le haon imeachtaí dlíthiúla a bhfuil leas ag an gComhairle iontu a bhaineann le hoibriú Clubanna Carranna.

u) Ní bheidh an Chomhairle, in imthosca ar bith, faoi dhliteanas don Oibreoir as aon chaillteanas indíreach nó iarmhartach, caillteanas cáilmheasa nó caillteanas ioncaim a eascróidh as soláthar na Seirbhíse Club Carranna.

v) Coimeádfaidh agus cothabhálfaidh an tOibreoir le linn ré an cheadúnais taifid iomlána chruinne ar a gcuid sonraí páirceála a bhaineann le flít feithicle an Oibreora a imscartar i mBaile Átha Cliath agus tabharfaidh sé rochtain gach tráth réasúnach d’iniúchóirí nó d’fhoireann nó do ghníomhairí cuí-údaraithe eile na Comhairle chun iniúchadh a dhéanamh ar a chuntais, ar a chórais airgeadais agus ar dhoiciméid eile den sórt sin a mheasann an Chomhairle is gá i ndáil le heisiúint an cheadúnais.

**Cead Feithicle Club Carranna** **6**

## Cuid III.

a) Sa chás go roghnaíonn Oibreoir íoc as páirceáil ar an tsráid trí chead bliantúil a cheannach, eiseofar Cead Feithicle Club Carranna chuig Oibreoir Club Carranna i leith gach feithicle.

b) Feidhmiúcháin a bheidh i socrú na táille chun Cead Feithicle Club Carranna a eisiúint agus a athnuachan. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart athbhreithniú a dhéanamh ar an táille cheada tar éis tréimhse thosaigh trí bliana.

c) Beidh Cead Feithicle Club Carranna bailí ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ón dáta eisiúna.

d) Ní sheasfaidh Oibreoir ná ní chuirfidh sé/sí faoi deara ná ní cheadóidh sé/sí Feithicil Club Carranna a sheasamh chun a fruilithe ar bhóthar poiblí mura n-údarófar amhlaidh leis an gcead a eiseofar nó mura mbeidh an táille pháirceála chuí íoctha.

e) Taispeánfar cead a dheonófar maidir le Feithicil Club Carranna go feiceálach san fheithicil.

f) Beidh na sonraí seo a leanas le feiceáil ar chead Feithicle Club Carranna:

1) Na focail “Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath” agus “Dublin City Council”
2) Dáta éaga an cheada Feithicle Club Carranna

g) Más deimhin leis an gComhairle gur cailleadh, gur díothaíodh nó gur goideadh cead bailí Feithicle Club Carranna, eiseoidh an Chomhairle nó a gníomhairí cead athsholáthair chuig an Oibreoir ar tháille €10 a íoc agus cuirfear an cead athsholáthair sin in ionad an cheada bunaidh agus cealófar an cead bunaidh.

h) Beidh feithicil a thaispeánann cead feithicle Club Carranna neamhbhailí faoi réir forfheidhmithe páirceála.

i) Forchoimeádann an Chomhairle an ceart cead aon Oibreora Club Carranna a bhfuil cead Club Carranna neamhbhailí ar taispeáint ag a fheithicil/feithiclí a chúlghairm

**7**

## Cuid IV.

a) Féadfaidh an Chomhairle líon na bhFeithiclí Club Carranna a theorannú go dtí uasmhéid de 1000. Féadfar an figiúr sin a choigeartú faoina lánrogha ag an gComhairle.

b) Ar mhaithe le hiomaíocht, féadfaidh an Chomhairle uasteorainn a shocrú ar líon na bhfeithiclí a oibríonn aon Chlub Carranna aonair.

c) Beidh Feithiclí Club Carranna faoi réir na Rialachán ábhartha um Thrácht ar Bhóithre agus páirceálfar feithiclí ar an tsráid de réir Fho-Dhlíthe Rialaithe Páirceála Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

d) Beidh Baill Club Carranna freagrach as rialacháin um thrácht ar bhóithre a chomhlíonadh.

e) Beidh Oibreoirí Club Carranna freagrach as cloí le rialacháin riaracháin agus tráchta ar bhóithre nuair nach bhfuil an fheithicil á ligean ar cíos.

f) Féadfaidh Baill Club Carranna páirceáil i mbá páirceála do dhaoine faoi mhíchumas má thaispeánann siad cead páirceála bailí do dhaoine faoi mhíchumas. Ní fhéadfar na feithiclí a fhágáil i mbá do dhaoine faoi mhíchumas nuair atá fruiliú na feithicle críochnaithe ag an mball.

g) Beidh Feithicil Club Carranna ar chaighdeán faofa agus faoi réir iniúchadh i gcónaí ó dhuine / gníomhaire údaraithe de chuid na Comhairle.

h) Féadfaidh duine údaraithe / gníomhaire de chuid na Comhairle a iarraidh ar aon duine Oibreoir nó Ball Club Carranna ar dealraitheach go bhfuil foráil de na Fo-Dhlíthe seo á sárú nó sáraithe aige/aici staonadh ón ngníomhaíocht sin.

i) Má chuireann aon Oibreoir nó Ball Club Carranna bac nó srian ar dhuine / gníomhaire údaraithe de chuid na Comhairle nó má dhiúltaíonn sé/sí iarraidh a dhéanann an duine / gníomhaire a chomhlíonadh ag gníomhú dóibh i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna a bhronntar sna fodhlíthe seo ar dhuine / gníomhaire údaraithe, beidh sé/sí ciontach i gcion.

j) Féadfaidh an Chomhairle Ceadúnas Oibreora Club Carranna a chur ar ceal sa chás go gcinneann sí nach gcomhlíonann an tOibreoir na ceanglais a thuilleadh maidir le ceadúnas a eisiúint de réir na bhFo-Dhlíthe seo, nó sa chás go gcinneann sí go bhfuair an sealbhóir an ceadúnas trí dhoiciméadú falsaithe a chur isteach nó sa chás go bhfuil an tOibreoir ag sárú na bhFo-Dhlíthe sin go tromchúiseach nó go leanúnach.

k) Féadfaidh an Chomhairle Ceadúnas Feithicle Club Carranna a chur ar ceal sa chás go gcinneann sí nach bhfuil teideal don chead ag an Oibreoir de réir na bhFo-Dhlíthe seo, nó sa chás go gcinneann sí go bhfuair an sealbhóir an ceadúnas trí dhoiciméadú falsaithe a chur isteach nó sa chás go bhfuil an

tOibreoir ag sárú na bhFo-Dhlíthe sin go tromchúiseach nó go leanúnach.

l) Féadfaidh an Chomhairle sráideanna/limistéir a fhorordú nach féidir le feithiclí Club Carranna páirceáil iontu agus féadfaidh sí teorainn a chur freisin le líon na bhfeithiclí de chuid Club Carranna atá páirceáilte in aon sráid/limistéar ar leith.

**I láthair tráth a greamaíodh**
**Séala Chomhairle Cathrach**
**Bhaile Átha Cliath leis seo**

**Inniu an lá de 2013**